Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 25 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10319/18**

**DEVGEN 106**
**ACP 58**
**RELEX 574**
**REGIO 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8556/18 |
| Ábhar: | Comhar an Aontais le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtríú tíortha - Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le comhar an Aontais le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtríú tíortha, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3628ú cruinniú dá cuid ar an 25 Meitheamh 2018.

## Comhar an Aontais le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtríú tíortha

## Conclúidí ón gComhairle

1. Meabhraítear don Chomhairle an creatbheartais idirnáisiúnta agusde chuid an Aontais, lena n-áirítear an Comhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt[1], chun rannpháirtíocht straitéiseach a áirithiú le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtíortha i mbéal forbartha, agus béim á leagan aici, i measc gnéithe eile, ar na prionsabail a bhaineann le "*Cities for All*" [Cathracha do Chách]. Cuireann an Chomhairle i dtreis go láidir go bhfuil an fhorbairt uirbeach inbhuanaithe chomh maith le beartais chríochacha agus uirbeacha a bheidh cuimsitheach cothrom agus comhtháite ríthábhachtach chun sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG) 11 a bhaint amach mar aon leis na SDGanna eile ar fad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ar an leibhéal áitiúil, agus leas iomlán a bhaint as an gcreatbheartas agus as na hionstraimí uile atá ar fáil chun leas éifeachtach a bhaint as tairbhí an chomhair dhéin nuálaigh le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtíortha comhpháirtíochta.

2. Meastar go dtiocfaidh méadú 200% ar mhéid na limistéar foirgnithe i dtíortha i mbéal forbartha, san Áise agus san Afraic go háirithe, faoi 2030. Is suntasach an t-uirbiú agus na dúshláin a ghabhann leis i réigiúin eile fosta, lena n-áirítear i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib, agus i gcomharsanacht an Aontais. Tugtar le tuiscint le luas mear leanúnach an uirbithe nach bhféadfaí cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach ach amháin trí chomhpháirtithe neartaithe le cathracha agus leis na húdaráis áitiúla ábhartha i dtríú tíortha.

---

[1] Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, an Clár Oibre nua Uirbeach; Conclúidí ón gComhairle maidir le hÚdaráis Áitiúla san Fhorbairt, Iúil 2013.

3. Tá níos mó dúshlán os comhair cuid mhór cathracha agus údaráis áitiúla anois agus iad ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht uirbeach, leis an eisiamh sóisialta agus le neamhionannas spáis, le plódú, le coinbhleacht, leis an gcoireacht agus leis an bhforéigean, le bonneagar leochaileach, le droch-chaighdeán maidir le bunseirbhísí a sholáthar, agus le díghrádú comhshaoil. Tá cathracha agus na húdaráis áitiúla fós ceannródaíoch sa chuid is mó de na géarchéimeanna daonnúla. Ardaíonn leochaileacht na gcathracha ó thaobh eipidéimí agus tubaistí agus na dtionchar a ghabhann leis an athrú aeráide mar gheall ar fhás mear an daonra agus ar uirbiú gan phleanáil. Cuireann sreafaí imirce agus sreafaí easáitithe éigeantaigh nach bhfacthas cheana, atá mar thoradh ar fhachtóirí geopholaitiúla, daonnúla, eacnamaíocha agus comhshaoil, go mór leis na dúshláin uirbeacha sin. Sna cásanna sin, tá baol na neamhshábháilteachta agus an fhoréigin i bhfad níos mó i gcás na mban agus na gcailíní.

4. Tá an Chomhairle an-tiomanta d'acmhainneacht na gcathracha a mhéadú mar mhoil don fhás agus don nuálaíocht chuimsitheach, inbhuanaithe agus d'fheabhas a chur ar an ról atá ag na húdaráis áitiúla i ndáil leis an méid sin. Is díol sásaimh don Chomhairle an Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún maidir le comhar an Aontais le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtríú tíortha[2].

5. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go bhfuil athrú ó bhonn ag teastáil ón gcur chuige earnála atá ann faoi láthair chuig dearcadh críochach lena gcuirfear feabhas ar naisc uirbeacha-tuaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an uirbiú ar bhealach éifeachtach, agus go gcaithfear trí ghné na hinbhuanaitheachta a chomhtháthú san fhorbairt uirbeach agus comhleanúnachas a áirithiú idir beartais forbartha uirbeacha agus tuaithe freisin. Ní mór don Aontas gona Bhallstáit straitéisí, ionstraimí agus nósanna imeachta éagsúlaithe a cheapadh, agus idirphlé éifeachtach polaitiúil beartais a bheith acu chun tacú le comhpháirtíochtaí le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtíortha comhpháirtíochta, ar comhpháirtithe iad a bheidh dírithe ar thorthaí agus a imreoidh tionchar mór.

[2] 9095/18 - SWD(2018) 269 final

6. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé leanúint de dhea-rialachas a chur chun cinn ar leibhéal na gcathracha agus na n-údarás áitiúil. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin go bhfuil córais éifeachtacha rialachais il-leibhéil agus creataí beartais agus dlíthiúla fónta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta ríthábhachtach. Is gá timpeallacht beartais agus rialála a bheidh cuiditheach cumasaithe chun go mbeidh na húdaráis áitiúla in ann beartais uirbeacha inbhuanaithe agus cur chuige críochach a chur chun feidhme maidir leis an bhforbairt áitiúil. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na próisis chuimsitheacha ilgheallsealbhóra, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, sa rialachas áitiúil, mar aon le cur chuige fónta daonnúil agus forbartha lena ndéanfaí cumasc idir réitigh forbartha inbhuanaithe, an phleanáil uirbeach agus teacht aniar. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil go leor gníomhaithe sna Ballstáit ag cur tacaíocht ar fáil chun an rialachas áitiúil a neartú i dtíortha comhpháirtíochta.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis arís nach mór cur le hacmhainneacht theicniúil agus bhainistíochta na gcathracha agus na n-údarás áitiúil maidir le beartais phleanála uirbeacha il-earnála a fhorbairt agus a sheachadadh, uirlisí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach le saoránaigh san áireamh. Agus cur chuige á fhorbairt ar bhonn chearta an duine, ba cheart an méid sin a dhéanamh agus sealbhóirí cearta á gcumasú ag an am céanna chun a gcearta a éileamh.

8. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil fíorghá ag cathracha agus ag údaráis áitiúla le hinfheistíocht agus go bhfuil bearnaí móra ann ó thaobh maoiniú de mar gheall air sin. Tá inniúlachtaí agus acmhainneachtaí na gcathracha agus na n-údarás áitiúil maidir le beartais fhioscacha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun maoiniú agus ioncam cathrach a ghiniúint ríthábhachtach i gcás inar cineachadh cumhachtaí mar sin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí tacú le bainistiú an airgeadais phoiblí agus le féinghiniúint ioncaim ar an leibhéal áitiúil.

9. Molann an Chomhairle don Choimisiún tacú, nuair is féidir, le hacmhainneachtaí áitiúla agus le hiarrachtaí chun infheistíocht phríobháideach caipitil a mhealladh, go háirithe trí leas a bhaint as saoráidí cumaisc agus trí fhéachaint arís ar shamhlacha agus ar chomhpháirtíochtaí nuálacha maoiniúcháin, lena n-áirítear na cinn sin arna bhforbairt ag údaráis áitiúla na mBallstát. Is féidir le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ról lárnach a imirt agus cathracha cliste inbhuanaithe seasmhacha a chruthú. Iarrann an Chomhairle tacaíocht mhear éifeachtach chun cabhrú leis an uirbiú inbhuanaithe, lena n-áirítear trí mhaoiniú breise a chuirtear ar fáil tríd an bplean Eorpach infheistíochta seachtraí agus tríd an ardán gaolmhar "*Sustainable Cities*" [Cathracha Inbhuanaithe].

10. Aithníonn an Chomhairle an cumas atá i gcathracha agus in údaráis áitiúla geilleagar glas ciorclach a chruthú mar shamhail don fhás cuimsitheach agus go bhfuil ról ríthábhachtach ag cathracha maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aeráid. Molann an Chomhairle don Choimisiún cathracha glasa seasmhacha a chur chun cinn, trí thacú leis an aistriú uirbithe ísealcharbóin, a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de, agus a leagfaidh béim ar iompar inbhuanaithe poiblí.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá spás poiblí agus oidhreacht chultúrtha chun cabhrú le feidhmeanna sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla cathracha.

12. Aithníonn an Chomhairle gurb iad meigeachathracha agus limistéir chathracha a ghríosaíonn an geilleagar domhanda, agus gur moil iad na príomhchathracha agus na cathracha tánaisteacha a stiúrann an fás réigiúnach agus áitiúil agus a chruthaíonn poist. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé timpeallacht chumasaithe a spreagadh don earnáil phríobháideach, go háirithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga chuimsitheacha shóisialta agus do réitigh nuálacha margaidh, agus aistriú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil chuig geilleagar foirmiúil a chothú ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle go leagfaí béim faoi leith ar dheiseanna oideachais agus fostaíochta níos fearr a chruthú do mhná, don aos óg agus do dhaoine faoi mhíchumas.

13. Molann an Chomhairle don Choimisiún níos mó tacaíochta a thabhairt do na cuir chuige a bhaineann le "cathair chliste", lena n-áirítear trí chabhrú leis na húdaráis áitiúla agus le cathracha i dtíortha comhpháirtíochta na dúshraitheanna digiteacha a chur ar bun, lena n-áirítear an nascacht agus an inrochtaineacht is gá, chun seirbhísí r-rialachais agus réitigh éifeachtúla acmhainní a imscaradh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tacú leis an digitiú mar bhealach dearfach le fostaíocht agus le fiontraíocht atá freagrach ar bhonn sóisialta a chruthú trí chabhrú le ról na gcathracha mar thiomántóirí Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

14. Ba cheart féachaint, trí rannpháirtíocht le cathracha agus le húdaráis áitiúla, a bheith níos trédhearcaí, agus rialachas cuimsitheach agus cuntasacht a thabhairt isteach sa mhéid a bhaineann le maoiniú poiblí agus le seirbhísí poiblí a chur ar fáil, agus ba cheart na gnéithe a bhaineann le dea-chleachtais a chomhtháthú chun dul i ngleic leis an éilliú agus chun feabhas a chur ar chearta talún agus ar chinnteacht tionachta do gach duine. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin gur gá rannpháirtíocht ghníomhach bhríoch na gcónaitheoirí a chur chun cinn maidir le gníomhaíochtaí áitiúla agus seirbhísí poiblí a phleanáil, a chur chun feidhme agus a mheas.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé cathracha cuimsitheacha sábháilte a chur chun cinn agus dul i ngleic le tiomántóirí agus éifeachtaí an neamhionannais, an imeallaithe agus na hidirdheighilte i gcathair agus idir cathracha difriúla. Molann sí don Chomhairle cuimsiú na ngrúpaí imeallaithe agus na ndaoine leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine a easáitíodh go héigeantach agus imircigh, a áireamh sa tacaíocht a thugann an tAontas do chathracha agus d'údaráis áitiúla i dtríú tíortha. Ós rud é go bhfuil roinnt cathracha agus údarás áitiúil ag dul i ngleic níos minice anois le sreafaí imirce agus dídeanaithe, molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do chathracha agus d'údaráis áitiúla a bhíonn ag óstáil imirceach agus dídeanaithe.

16. Ba cheart tús áite a thabhairt do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban i limistéir uirbeacha, agus don ról atá ag daoine óga mar thiomántóirí don daonlathas, don fhorbairt agus don aistriú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tacú le hacmhainneachtaí áitiúla chun feabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta agus slándála do mhná agus do chailíní i limistéir uirbeacha chomh maith le feabhas a chur ar chearta talún agus ar chinnteacht tionachta do gach duine.

17. Molann an Chomhairle do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS saincheisteanna a bhaineann le huirbiú a chomhtháthú sa bheartas téamach agus san idirphlé polaitiúil, agus cur lena n-idirphlé struchtúrtha a bhíonn acu le cathracha agus le húdaráis áitiúla. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé naisc daoine-le-daoine a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus meabhraítear di gur maith an rud iad uirlisí amhail comhar díláraithe, nascadh do chathracha agus d'údaráis áitiúla agus péireáil chathracha, chomh maith le comhar institiúideach agus tacaíocht theicniúil, chun acmhainneacht chathracha agus údarás áitiúil a neartú. Iarrann sí ar an gCoimisiún dlús a chur leis an ngníomhaíocht sa réimse seo agus, i gcás inarb iomchuí, nascadh a chomhtháthú sna cláir a bheidh ann amach anseo maidir le forbairt uirbeach.

18. Aithníonn an tAontas gona Bhallstáit an ról tábhachtach atá ag UN-Habitat (Clár na Náisiún Aontaithe um Lonnaíochtaí don Duine) ó thaobh tacú le cathracha inbhuanaithe.

19. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart tacaíocht faoi leith a thabhairt le cur chuige comhtháite ilearnála a áirithiú i gcás cathracha agus údarás áitiúil, idir uirbeach agus tuaithe, faoi chuimsiú thacaíocht sheachtrach an Aontais.

20. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún í a choimeád ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn a dhéanfar maidir le cur chun feidhme an chomhair le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtríú tíortha. Molann sí don Choimisiún fóram sásúil a chur ar bun chun faisnéis, taithí agus eolas a mhalartú go rialta le Ballstáit an Aontais agus le comhpháirtithe ábhartha maidir le comhar le cathracha agus le húdaráis áitiúla i dtríú tíortha.